

## Ag Ullmhú do Chuart ar Baboró

### Nótaí don Mhúinteoir

Beidh Maor de chuid Bhaboró ar a mbeidh t-léine dearg Fhéile Bhaboró ag bualadh libh ag an stad bus atá molta don ionad.

Cuir, le do thoil, ainm an léirithe ar an gclár roimh réidh ionas go mbeidh na páistí in ann a dtuismitheoirí a chur ar an eolas i dtaobh an léirithe a mbeidh siad ag féachaint air.

Tá sé tugtha faoi deara againn gur minic a bhíonn páistí ag comhrá lena chéile go híseal agus iad ag féachaint ar léiriú. Is foirm ghníomhach rannpháirtíochta é seo agus ní chuireann sé isteach ar aon duine. Ní gá na páistí a chiúnú agus iad á dhéanamh seo. Ar ndóigh, ní cheadaítear caint ghlórach ná iompar suaiteach.

### Léigh le do rang é seo le do thoil roimh duit freastal ar imeacht Baboró:

- Seasai gí i mbeirteanna (an córas páirtíochta) agus ná déanaigí dearmad fanacht leis an rang an t-am ar fad
- SIÚLAIGÍ, le bhur dtoil, chun na hamharclainne agus SIÚLAIGÍ agus sibh laistigh den amharclann
- Nuair a shroichfidh tú an amharclann, feicfidh tú Maoir de chuid Bhaboró i t-léinte dearga orthu.
- Má chailleann tú an grúpa, téigh chuig Maor de chuid Bhaboró le haghaidh cúnamh
- Tógaigí na suíocháin ceann ar cheann, ag líonadh aon sraith amháin sula dtosaítear ceann nua. Tá formhór na léirithe díolta amach agus teastóidh na suíocháin ar fad
- Tá formhór na léirithe díolta amach agus beidh gach suíochán ag teastáil
- Ní cheadaítear aon lthe ná Ól laistigh den amharclann
- Cuirigí gach mála faoi bhur suíocháin. Ná fágai gí iad sna pásaistí
- Múchaigí gach fón póca.
- Fanaigí in bhur suíocháin.
- Más gá dul chuig an leithreas, cuir ceist ar Mhaor de chuid Bhaboró le taispeáint duit cá bhfuil siad agus téigh chuig an leithreas i gcónaí in éineacht le páiste eile nó le múinteoir.
- I ndiaidh na léirithe fanaigí in bhur suíocháin go dtí go ligeann Maor de chuid Bhaboró do shraith amach.
- Bí cinnte de go dtógann tú gach a bhaineann leat agus tú ag fágáil na hamharclainne.
- Thar aon rud eile, suigh siar agus bain sult as! Is leatsa an fhéile seo.